# PRÓTACAL
# ARNA THARRAINGT SUAS AR BHONN AIRTEAGAL 43(1) DEN CHOINBHINSIÚN MAIDIR LE hOIFIG EORPACH PÓILÍNÍ (COINBHINSIÚN EUROPOL) A BHUNÚ, A LEASAÍONN AIRTEAGAL 2 AGUS AN IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN gCOINBHINSIÚN SIN

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA sa Phrótacal seo agus na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún maidir le hOifig Eorpach Póilíní a bhunú, Ballstáit den Aontas Eorpach,

AG TAGAIRT do Ghníomh ón gComhairle den Aontas Eorpach an tríochadú lá de Shamhain sa bhliain dhá mhíle,

DE BHRÍ:

(1) Gur gá uirlisí níos éifeachtaí a thabhairt do Europol chun sciúradh airgid a chomhrac d'fhonn caíonna Europol chun tacú leis na Ballstáit sa chomhrac sin a athneartú.

(2) Gur iarr an Chomhairle Eorpach ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh inniúlacht Europol a chur i mbaint le sciúradh airgid i gcoitinne, is cuma cad é saghas an chiona óna n-eascraíonn na fáltais arna sciúradh,

TAR EIS NA FORÁLACHA SEO A LEANAS A CHOMHAONTÚ:

# AIRTEAGAL 1

Leasaítear leis seo an Coinbhinsiún Europol mar a leanas:

1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) i mír (2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"2. Chun an cuspóir atá luaite i mír 1 a ghnóthú go comhleanúnach, gníomhóidh Europol i dtosach chun gáinneáil neamhdhleathach drugaí, gníomhaíochtaí neamhdhlíthiúla maidir le sciúradh airgid, gáinneáil substaintí núicléacha agus radaighníomhacha, smugláil neamhdhlíthiúil imirceach, ceannaíocht i ndaoine agus gáinneáil mhótarfheithiclí goidte a chosc agus a chomhrac.";

(b) i mír (3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"3. Áireofar freisin ar inniúlacht Europol maidir le saghas coirpeachta nó le cineálacha sonracha de shaghas coirpeachta cionta coiriúla atá gaolmhar leo. Ar a shon sin, ní áireofar príomhchionta a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhdhlíthiúla maidir le sciúradh airgid nach bhfuil aon inniúlacht ag Europol de bhun mhír 2 i leith na saghsanna coirpeachta sin.".

2) Leasaítear an Iarscríbhinn mar a leanas:

cuirtear an méid seo a leanas in ionad na míre dar tús na focail "Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 2(2)":

"Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 2(2), beidh sé le tuiscint, má chuirtear de chúram ar Europol déileáil le haon cheann de na saghsanna coirpeachta atá liostaithe thuas, go mbeidh sé inniúil freisin chun déileáil leis na cionta coiriúla gaolmhara.".

AIRTEAGAL 2

1. Beidh an Prótacal seo faoi réir a ghlactha ag na Ballstáit i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

2. Cuirfidh na Ballstáit in iúl d'Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh go bhfuil na rialacha bunreachtúla chun an Prótacal seo a ghlacadh comhlánaithe acu.

3. Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm nócha lá tar éis an fógra dá dtagraítear i mír 2 a bheith tugtha ag an mBallstát, is Ballstát den Aontas Eorpach ar dháta an Chomhairle an gníomh a ghlacadh ag bunú an Phrótacail seo, is déanaí a chomhlánóidh an fhoirmiúlacht sin.

## AIRTEAGAL 3

1. Beidh aontachas leis an bPrótacal seo ar oscailt d'aon Stát a thiocfaidh chun bheith ina Bhallstát den Aontas Eorpach i gcás nach bhfuil an Prótacal seo tagtha i bhfeidhm ar dháta ionstraimí an aontachais don Choinbhinsiún Europol a thaisceadh i gcomhréir le hAirteagal 46 den Choinbhinsiún Europol.

2. Taiscfear na hionstraimí aontachais don Phrótacal seo go comhuaineach leis na hionstraimí aontachais don Choinbhinsiún Europol i gcomhréir le hAirteagal 46 de.

3. Is téacs údarásach téacs an Phrótacail seo i dteanga an Bhallstáit aontaigh, arna tharraingt suas ag Comhairle an Aontais Eorpaigh.

4. I gcás nach bhfuil an Prótacal seo tagtha i bhfeidhm ar an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 46(4) den Choinbhinsiún Europol a dhul in éag, tiocfaidh sé i bhfeidhm maidir leis an mBallstát aontach ar dháta an Prótacal seo a theacht i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 2(3).

5. Má thagann an Prótacal seo i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 2(3) roimh an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 46(4) den Choinbhinsiún Europol a dhul in éag ach i ndiaidh an ionstraim aontachais dá dtagraítear i mír 2 a thaisceadh, aontóidh an Ballstát aontach don Choinbhinsiún Europol mar atá arna leasú de bhua an Phrótacail seo, i gcomhréir le hAirteagal 46 den Choinbhinsiún Europol.

## AIRTEAGAL 4

1. Is é Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh taiscí an Choinbhinsiúin seo.

2. Foilseoidh an taiscí san Iris Oifigiúil faisnéis maidir leis an gPrótacal a ghlacadh agus aontachais leis maille le haon fhógra eile a bhaineann leis.